RÚN (AE) 2022/1765 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá in gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (EMA) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta a ghabhann leo,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0103/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ioncaim agus caiteachais ([1]), gur EUR 369 749 000 a bhí i mbuiséad críochnaitheach na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí ("an Ghníomhaireacht") don bhliain airgeadais 2020, a léiríonn méadú de 6,63 % i gcomparáid le 2019; de bhrí gur 0,7 % a bhí sa ráta boilscithe san Aontas in 2020; de bhrí gur ó tháillí a mhaoinítear an Ghníomhaireacht, gur eascair thart ar 84,00 % dá hioncam le haghaidh 2020 ó tháillí a d'íoc an tionscal cógaisíochta as seirbhísí arna soláthar, gur eascair 15,92 % de ó bhuiséad an Aontais agus 0,08 % de ó ioncam sannta seachtrach;

B. de bhrí go ndeir an Chúirt Iniúchóirí ("an Chúirt") ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020 (an "tuarascáil ón gCúirt") gur soláthraíodh dearbhuithe réasúnacha di go bhfuil cuntais na Gníomhaireachta beacht agus gur idirbhearta dlíthiúla agus rialta is bun leo;

Bainistiú buiséid agus airgeadais

1. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur thug na hiarrachtaí faireacháin buiséid i rith bhliain airgeadais 2020 ráta cur chun feidhme buiséadach de 98,83 %, a léiríonn méadú de 0,27 % i gcomparáid le 2019; ag tabhairt dá haire gur ráta forghníomhaithe 78,47 % a bhí ann maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, a léiríonn laghdú de 4,58 % i gcomparáid le 2019;

2. ag tabhairt dá haire gur chinn an Ghníomhaireacht na táillí uile ar iarratais ar chomhairle eolaíoch ó fhorbróirí teiripice nó vacsaíní féideartha COVID-19 a tharscaoileadh, amhail ón 13 Márta 2020, agus á chur in iúl gur díol sásaimh di tarscaoileadh na dtáillí uile chun comhairle eolaíoch a sholáthar do thaighdeoirí acadúla a fhorbraíonn cógais leighis dhílleachtacha ón 19 Meitheamh 2020; ag creidiúint gur cheart cásanna eile maidir le táillí a tharscaoileadh faoi réir critéir shonracha arna leagan amach ag an nGníomhaireacht, go háirithe maidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), a shuíomh;

Feidhmíocht

3. ag cur béim ar an ról tábhachtach atá ag an nGníomhaireacht maidir le sláinte phoiblí agus sláinte ainmhithe a chosaint agus a chur chun cinn trí mholtaí neamhspleácha eolaíochtbhunaithe a dhéanamh maidir le cáilíocht, sábháilteacht agus éifeachtúlacht cógas leighis, agus trí chomhairle agus dreasachtaí eolaíocha a sholáthar chun forbairt cógas leighis nuálach nua a spreagadh agus chun infhaighteacht na gcógas leighis sin a fheabhsú;

4. ag aithint an méid a rannchuidigh an Ghníomhaireacht i dtaobh moladh maidir le húdarú margaíochta a thabhairt do shé chógas leighis tar éis measúnú brostaithe a dhéanamh, moladh maidir le húdarú margaíochta coinníollach a thabhairt do thrí chógais leighis déag, agus údarú a thabhairt do chúig chógas leighis in imthosca eisceachtúla;

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 25.

5. ag tabhairt dá haire, in ainneoin na ndeacrachtaí nach bhfacthas riamh cheana ó thus phaindéim dhomhanda COVID-19 in 2020, gur lean an Ghníomhaireacht de bheith ag gníomhú ar mhaithe le sláinte phoiblí shaoránaigh uile na hEorpa nuair a bhí COVID-19 rompu, trí ghníomhú mar mhol an líonra Eorpaigh d'údaráis rialála leigheasra a dhéanann creat reachtach is infheidhme an Aontais maidir le táirgí den sórt sin a chur chun feidhme; á thabhairt chun suntais go raibh ról tábhachtach ag an nGníomhaireacht i dtaobh fhreagairt an Aontais ar phaindéim COVID-19 a ullmhú agus ag moladh na n-iarrachtaí a rinne sí chun anailís a dhéanamh go héifeachtach ar vacsaíní in aghaidh COVID-19 sna Ballstáit agus iad a fhormheas go tapa;

6. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur éirigh leis an nGníomhaireacht cáilíocht agus leanúnachas a chuid oibríochtaí a choinneáil agus a suíomh á athlonnú go dtí a áitreabh nua in Amstardam tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas; ag tabhairt dá haire gur ábhar imní i gcónaí iad dliteanais a d'fhéadfadh teacht as an léas ar iar-áitreabh oifige na Gníomhaireachta i Londain; ag aithint go raibh an Ghníomhaireacht in ann freagairt go héifeachtach don ualach oibre a bhain le paindéim COVID-19 agus á chur in iúl gur díol sásaimh di an obair atá déanta ag an nGníomhaireacht chun rochtain ar vacsaíní nua agus ar theiripic nua a éascú chun leathadh COVID-19 a chóireáil agus a chosc;

7. á thabhairt chun suntais gur mhol an Ghníomhaireacht, in 2020, 97 gcógas leighis nua don duine le haghaidh údarú margaíochta, lena n-áirítear 39 substaint ghníomhacha nua, agus 20 cógas leighis tréidliachta nua, lena n-áirítear 13 shubstaint ghníomhacha nua;

8. ag cur béim ar an bhfíoras, in ainneoin obair chrua na Gníomhaireachta in 2020, go raibh paindéim COVID-19 ina dhúshlán don bhonneagar slándála sláinte poiblí a bhí ann cheana, agus á chur i bhfios go láidir gur gá cumais na Gníomhaireachta a neartú chun a hathléimneacht agus a héifeachtacht a fheabhsú le linn tréimhsí éigeandála; á chur i bhfáth go n-éilítear freisin leis an gComhaontú Glas don Eoraip go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht iarrachtaí breise, ar iarrachtaí iad a thugann údar le hacmhainní a leathnú; á chur in iúl gur díol sásaimh di go ndearnadh bearta chun an bonneagar slándála sláinte poiblí san Aontas a athdhearadh, lena n-áirítear trí Chlár EU4Health a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), trí Rialachán (AE) 2022/123 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus tríd an teachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Samhain 2020 dar teideal "Straitéis Chógaisíochta don Eoraip"; á iarraidh ar an gCúirt cur lena hiniúchadh don bhliain airgeadais 2021 maidir le feidhmiú na Gníomhaireachta laistigh den chomhthéacs institiúideach coigeartaithe; á iarraidh ar an gCúirt tuilleadh eolais a thabhairt i dtaobh an bhfuil, laistigh den socrú institiúideach coigeartaithe, dóthain acmhainní ag an nGníomhaireacht chun a sainordú leathnaithe a chur chun feidhme go héifeachtach;

9. ag tabhairt dá haire, maidir leis an obair leantach ar bharúlacha ar urscaoileadh na bliana seo caite, go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ag an nGníomhaireacht ar a tacar táscairí agus meadrachtaí chun castachtaí a laghdú tuilleadh, trédhearcacht a mhéadú agus éifeachtúlacht an fhaireacháin ar a gníomhaíochtaí a leathnú; á iarraidh ar an nGníomhaireacht aon athrú i ndáil leis sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

10. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go gcomhoibríonn an Ghníomhaireacht le gníomhaireachtaí eile, go háirithe leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) agus leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), lena n-áirítear maidir le Tairseach Faisnéise an Aontais um Vacsaíniú, chun faireachán a dhéanamh ar shábháilteacht vacsaíní agus fo-éifeachtaí a thuairisciú, agus maidir le tomhailt ábhar frithmhiocróbach agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha;

11. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé páirt a thabhairt do na geallsealbhóirí ábhartha, amhail ionadaithe gairmithe sláinte, othar agus páirtithe eile, i bhfianaise leitheadúlacht na bréagaisnéise, ar cúis imní í, maidir le paindéim COVID-19 sa díospóireacht phoiblí i dtaca leis an tsláinte phoiblí a chosaint agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint de bheith ag rannchuidiú chomh gníomhach agus is féidir leis an díospóireacht sin, bunaithe ar an eolas eolaíoch is déanaí;

12. á chur in iúl gur díol sásaimh di go bhfuil sé fós ar cheann de thosaíochtaí na Gníomhaireachta dul i ngleic leis an bhfrithsheasmhacht atá ag dul i méid in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, go háirithe trí thacú le cógais leighis nua a fhorbairt, sonraí a bhailiú maidir le tomhailt ábhar frithmhiocróbach tréidliachta agus úsáid fhreagrach na gcógas leighis frithmhiocróbach a chur chun cinn, fiú i bhfianaise na staide atá ann faoi láthair;

([2]) Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte ("Clár EU4Health") don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) 2022/123 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 maidir le ról atreisithe don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach in ullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna do tháirgí íocshláinte agus d'fheistí leighis (IO L 20, 31.1.2022, lch. 1).

13. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil tionchar ag paindéim COVID-19 ar gach gné den chúram sláinte, lena n-áirítear infhaighteacht cógas leighis, de bharr suaití sa slabhra soláthair; á mheas nár éirigh leis an staid ach aird a tharraingt ar an ngá atá ann, a raibh muid ar an eolas faoi cheana, go mbainfeadh an tAontas amach an leibhéal is airde neamhthuilleamaíochta i bhforbairt agus i dtáirgeadh cógas leighis; á chur in iúl gur díol sásaimh di tiomantas na Gníomhaireachta leanúint de bheith ag rannchuidiú le córas freagartha an Aontais a fhorbairt agus a neartú i gcás ina mbeidh laghdú ar infhaighteacht cógas leighis;

14. á chur in iúl gur díol sásaimh di an leibhéal cúnaimh a chuir an Ghníomhaireacht ar fáil do chuideachtaí a fhorbraíonn vacsaíní agus cógais leighis i gcoinne COVID-19; á chur in iúl gur díol molta di cur chuige na Gníomhaireachta atá eolaíoch go comhsheasmhach, ar cur chuige é a thugann tús áite do shláinte shaoránaigh an Aontais thar aon ní eile;

15. ag tabhairt dá haire, maidir leis an obair leantach ar bharúlacha ar urscaoileadh na bliana seo caite, go ndéanann an Ghníomhaireacht seirbhísí a chomhroinnt leis an gCoimisiún agus le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais agus gur minic a bhíonn sí rannpháirteach i gcomhsholáthair idirghníomhaireachta; ag tabhairt dá haire thairis sin go gcomhoibríonn an Ghníomhaireacht le Líonra Gníomhaireachtaí AE chun dea-chleachtais atá dírithe ar chur leis an éifeachtúlacht i measc na ngníomhaireachtaí agus na gcomhghnóthas uile a chomhroinnt agus a ghlacadh; ag tabhairt dá haire, mar thoradh ar chibirionsaí i mí na Nollag 2020, gur mhéadaigh an Ghníomhaireacht a comhar i réimse na cibearshlándála, go háirithe leis an bhFoireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire le haghaidh institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE (CERT-EU) agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), agus le soláthróir seachtrach seirbhíse tríú páirtí a bhfuil saineolas sonrach aige maidir le freagairt ar theagmhais slándála TF;

16. ag tabhairt dá haire, de réir Thuarascáil Speisialta Uimh. 22/2020 ón gCúirt dar teideal *Future of EU Agencies - Potential for more flexibility and cooperation* [Gníomhaireachtaí AE amach anseo - d'fhéadfadh tuilleadh solúbthachta agus comhair a bheith ann], gur gá don Ghníomhaireacht a comhar leis an gCoimisiún a fheabhsú; á iarraidh ar an nGníomhaireacht agus ar an gCoimisiún tuairisciú ar ais don údarás um urscaoileadh maidir le hathruithe i ndáil leis sin;

Beartas foirne

17. á chur in iúl gur díol sásaimh di go raibh an plean bunaíochta curtha chun feidhme 100,00 % an 31 Nollaig 2020, go raibh ceapacháin déanta i gcás 596 ghníomhaire shealadacha as 596 ghníomhaire shealadacha arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 591 phost údaraithe in 2019); ag tabhairt dá haire, thairis sin, go raibh 197 ngníomhaire ar conradh agus 32 shaineolaí náisiúnta ar iasacht ag obair don Ghníomhaireacht in 2020;

18. á chur in iúl gur díol sásaimh di an togra maidir le sainordú na Gníomhaireachta a leathnú ach gur cúis imní di nach bhfuil na méaduithe comhfhreagracha ar fhoireann agus ar acmhainní na Gníomhaireachta ag gabháil le cúraimí suntasacha nua agus lena hualach méadaitheach oibre thar na blianta, agus go gcuireann an ganntanas foirne sin brú suntasach ar leanúnachas a chuid oibríochtaí ag am atá criticiúil cheana féin;

19. ag moladh, go háirithe, go leithdháilfí acmhainní breise leordhóthanacha ar an nGníomhaireacht chun feabhas a chur ar a inniúlacht sa chomhrac i gcoinne ganntanas cógas leighis; á iarraidh ar an gCoimisiún meastóireacht mhionsonraithe a dhéanamh ar a indéanta atá sé acmhainneacht bhreise a dheonú dom Ghníomhaireacht chun ganntanais a bhainistiú, lena n-áirítear tríd an Ardán Eorpach um Fhaireachán ar Ghanntanais a chlaochlú amach anseo ina bhunachar sonraí comhchoiteann Eorpach atá iomchuí agus éifeachtach, ar claochlú é atá inmhianaithe;

20. ag tabhairt dá haire, maidir le cothromaíocht inscne in ardbhainistíocht na Gníomhaireachta, gur fir iad 16 as 26 díobh (61,54 %), agus maidir le cothromaíocht inscne i mbord bainistíochta na Gníomhaireachta, gur fir iad 40 as 65 díobh (61,54 %); ag tabhairt dá haire thairis sin, maidir le cothromaíocht inscne i measc fhoireann fhoriomlán na Gníomhaireachta, gur mná iad 536 as 802 díobh (66,83 %);

21. ag tabhairt dá haire go bhfuair an Chúirt laige i bpróiseas na Gníomhaireachta maidir le painéil roghnúcháin a cheapadh le haghaidh earcaíochta; á chur in iúl gur díol sásaimh di na bearta atá déanta ag an nGníomhaireacht chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin;

22. á chur in iúl gur ábhar imní di méid mór bhord bainistíochta na Gníomhaireachta a fhágann go bhfuil sé deacair cinntí a dhéanamh agus a ghineann costais shuntasacha riaracháin;

23. á chur in iúl gur díol sásaimh di na hiarrachtaí a rinneadh i mbeartas foirne na Gníomhaireachta chun teilea-obair agus stíl mhaireachtála shláintiúil a chur chun cinn; á iarraidh ar an nGníomhaireacht dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an ualach oibre a leithdháiltear ar an bhfoireann, go háirithe faoi bhuaicthréimhsí eisceachtúla a bhaineann le COVID-19; á iarraidh ar an nGníomhaireacht bearta a dhéanamh a mhéid is féidir chun dea-bhail na foirne a áirithiú agus chun beartais frith-tnáite agus frithchiaptha a chur i bhfeidhm; ag leanúint den Ghníomhaireacht a spreagadh chun dul i mbun forbairt ar chreat beartais fadtéarmach acmhainní daonna lena rachfar i ngleic le cothromaíocht oibre is saoil, treoir agus forbairt gairme ar feadh an tsaoil, cothromaíocht inscne, teilea-obair, cothromaíocht gheografach, agus earcú agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumais; ag aithint na n-iarrachtaí atá déanta cheana ag an nGníomhaireacht i ndáil leis an méid sin; á iarraidh ar an nGníomhaireacht tuairisc a thabhairt ar dhea-bhail na foirne le haghaidh urscaoileadh na bliana airgeadais 2021;

24. ag tabhairt dá haire, de réir thuarascáil leantach 2018 agus thuarascáil 2019 ón gCúirt, nach bhfuil an moladh ón gCúirt maidir le húsáid comhairleoirí seachtracha curtha chun feidhme go hiomlán ag an nGníomhaireacht go fóill; á chur in iúl gur díol sásaimh di, mar sin féin, iarrachtaí na Gníomhaireachta in 2020 chun obair leantach a dhéanamh maidir leis an mbarúil sin, trí laghdú suntasach a dhéanamh ar chomhairleoirí TF a úsáid;

25. ag tabhairt dá haire gurbh é paindéim COVID-19 bun agus barr ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta in 2020, agus mar thoradh air sin go ndearnadh acmhainní suntasacha a leithdháileadh chun freagairt ar an ngéarchéim sláinte poiblí; ag tabhairt dá haire, mar iarmhairt air sin, go raibh gá le raon feidhme chlár oibre 2020 na Gníomhaireachta a laghdú, agus gníomhaíochtaí tábhachtacha sláinte poiblí a chur siar nó ar fionraí, i gcomhréir leis an bplean leanúnachais gnó, amhail foilsiú sonraí cliniciúla táirgí nár bhain le COVID-19, forbairt treoirlínte le haghaidh meithleacha oibre eolaíocha agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh; ag cur sonrú sa mhéid a dúirt iarstiúrthóir feidhmiúcháin na Gníomhaireachta, agus é ina ábhar imní di, go raibh sé "an-bhuartha" faoi ath-imlonnú fhoireann na Gníomhaireachta, inar chuir sé béim ar an bhfíoras nach bhféadfadh an brú faoina raibh a fhoireann ag obair leanúint ar aghaidh go deo; ag tabhairt dá haire go raibh deonú 40 post mar ghníomhaire sealadach ag an údarás buiséadach ina chabhair don Ghníomhaireacht agus í ag freagairt ar an ualach oibre eisceachtúil; ag cur sonrú thairis sin sa ráiteas ón nGníomhaireacht go raibh Samhain 2020 tagtha faoin am a deonaíodh na poist sin, agus é ródhéanach chun maolú suntasach a dhéanamh ar bhonn oibríochtúil ar an gcuid sin d'ualach oibre na bliana a bhain le COVID-19;

Soláthar

26. ag cur sonrú sa fhreagra ón nGníomhaireacht ar an mbarúil leantach ó thuarascáil na Cúirte anuraidh maidir le hítimí neamhghaolmhara (soláthar printéirí agus bainistiú an bhá lódála) a bheith sa mhír thairisceana chéanna le haghaidh creatchonartha, freagra á rá go mbeadh sé neamhphraiticiúil agus neamhéifeachtúil na seirbhísí sin a chur amach ar tairiscint mar thairiscintí ar leithligh; ag tabhairt dá haire, i ndiaidh ionchur ón gCoiste Comhairleach um Sholáthar agus um Chonarthaí, gur athraíodh scéim na Gníomhaireachta maidir le ré conarthaí go 4 + 1 + 1 i gcás an chreatchonartha thuasluaite, is é sin go bhféadfaí an conradh a scor faoi cheann 4 bliana dá mba ghá; á iarraidh ar an nGníomhaireacht seiceáil chomhoiriúnachta a dhéanamh i gcás seirbhísí comhcheangailte trí straitéis tairisceana a bhfuil tacaíocht aici ó anailís mhargaidh a chuimsiú mar chuid de gach nós imeachta soláthair, agus an straitéis sin a chur san áireamh sa chéim thairisceana, agus an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas faoi na hathruithe i ndáil léis sin;

27. ag tabhairt dá haire, maidir leis an obair leantach ar bharúlacha ar urscaoileadh na bliana seo caite, gur shínigh an Ghníomhaireacht creatchonradh le trí chuideachta in 2019 maidir le hoibrithe sealadacha a sholáthar gan aon bhriseadh síos a thabhairt ar an ollchostas foirne measta i gcás na ngníomhairí eatramhacha i ngach catagóir foirne a iarradh; ag tabhairt dá haire, mar thoradh air sin, nach raibh ar chumas na Gníomhaireachta a mheas an raibh an corrlach brabúis nó an brabús comhlán a bhí ag an soláthróir seirbhíse réasúnta i ndáil le conarthaí cosúla; ag aithint go ndeachaigh an Ghníomhaireacht i dteagmháil le Líonra Gníomhaireachtaí AE agus go ndearna sí taighde margaidh chun tuiscint a fháil ar na dalaí margaidh áitiúla i gcás oibrithe ar conradh; á iarraidh ar an nGníomhaireacht dul i dteagmháil leis an gCúirt chun go mbeidh ar chumas na Gníomhaireachta socrú a dhéanamh faoi na gníomhartha ab iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na cinntí sin;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

28. á chur i bhfáth gur údarás poiblí í an Ghníomhaireacht, in ainneoin go dtagann an chuid is mó dá mhaoiniú ó fhoinsí príobháideacha; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil an bhraistint maidir le neamhspleáchas agus sláine na Gníomhaireachta ríthábhachtach agus, dá bhrí sin, go bhfuil gá le hardleibhéal trédhearcachta a áirithiú ina cuid gníomhaíochtaí uile chun gabháil rialála a sheachaint agus chun a áirithiú go leanfaidh saoránaigh de mhuinín a bheith acu sa chóras údaraithe margaíochta san Aontas;

29. á chur in iúl gur díol sásaimh di an beartas athbhreithnithe maidir le leasanna iomaíocha an bhoird bainistíochta a láimhseáil, a tháinig i bhfeidhm ón 1 Iúil 2020 agus an cleachtas maidir le rialuithe córasacha *ex-ante* ar na dearbhuithe leasa uile arna dtíolacadh ag comhaltaí an bhoird bainistíochta mar aon leis an gceanglas go rachadh na comhaltaí sin faoi oiliúint sular féidir a ndearbhú leasa a thíolacadh;

30. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur chuir an Ghníomhaireacht bearta trédhearcachta eisceachtúla chun feidhme maidir le cógais leighis le haghaidh COVID-19, lena n-áirítear amlínte foilsithe brostaithe le haghaidh sonraí cliniciúla agus tuilleadh faisnéise a sholáthar don phobal i gcoitinne, amhail faisnéis faoin táirge a fhoilsiú le mionsonraí maidir leis na coinníollacha úsáide, tráth na tuairime dearfaí ón gCoiste um Tháirgí Íocshláinte lena nÚsáid ag an Duine i ndáil leis an iarratas ar údarú margaíochta, tuarascáil Eorpach um measúnú poiblí a fhoilsiú ina hiomláine, laistigh de thrí lá tar éis údarú a fháil ón gCoimisiún, sonraí cliniciúla arna gcur faoi bhráid na Gníomhaireachta a fhoilsiú mar thaca leis na hiarratais ar chógais leighis COVID-19 tar éis cógas leighis a údarú agus nuair a bheidh anaithnidiú déanta ar shonraí pearsanta, agus an plean iomlán bainistíochta riosca le haghaidh cógais leighis údaraithe maidir le COVID-19 a fhoilsiú; á iarraidh ar an nGníomhaireacht na bearta trédhearcachta céanna a chur i bhfeidhm maidir le gach táirge atá á rialáil ag an nGníomhaireacht;

31. ag aithint bhearta reatha agus iarrachtaí leanúnacha na Gníomhaireachta chun trédhearcacht a áirithiú, coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus cosaint sceithirí a sholáthar; ag tabhairt dá haire nár tuairiscíodh aon chás sceithireachta in 2020 ach, mar sin féin, go bhfuarthas 25 thuairisc ar chásanna sceithireachta seachtracha; ag tabhairt dá haire gur dúnadh cúig chás déag agus go bhfuil deich gcás ar siúl i gcónaí; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an dul chun cinn i ndáil leis na cásanna sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

32. á chur in iúl gur díol sásaimh di iarrachtaí na Gníomhaireachta leibhéal trédhearcachta a cuid cinnteoireachta a mhéadú, mar a léirítear, mar shampla, trí shonraí ó thrialacha cliniciúla arna dtíolacadh sa phróiseas údaraithe margaíochta do chógais leighis COVID-19 a fhoilsiú nó tríd an leibhéal méadaithe cumarsáide leis na meáin agus leis an bpobal; á mheas go bhfuil an cur chuige trédhearcach sin ríthábhachtach sa staid reatha;

33. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, nár thuairiscigh an Ghníomhaireacht aon chás coinbhleachta leasa in 2020 agus gur fhoilsigh an Ghníomhaireacht na dearbhuithe coinbhleachta leasa ó chomhaltaí a boird bainistíochta agus óna hardbhainistíocht; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur fhoilsigh an Ghníomhaireacht CVanna chomhaltaí a boird bainistíochta, a hardbhainistíochta agus a saineolaithe seachtracha agus inmheánacha;

34. á chur in iúl gur geal léi na céimeanna breise a glacadh chun feabhas a chur ar thrédhearcacht ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta trí chruinnithe fhoireann na Gníomhaireachta le geallsealbhóirí seachtracha a thuairisciú agus na tuairiscí a bheith ar fáil ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta; ag cur sonrú san imní shuntasach agus chomhsheasmhach atá ann faoin easpa trédhearcachta maidir le conarthaí vacsaíní le cuideachtaí cógaisíochta, ach ag cur béim ar an bhfíoras, cé go bhformheasann an Ghníomhaireacht na vacsaíní sin, gurb é an Coimisiún, agus ní an Ghníomhaireacht, atá ina pháirtí sna conarthaí sin;

Rialú inmheánach

35. ag tabhairt dá haire, maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht, gur córas éifeachtach é ar an iomlán ó thaobh gnéithe ar leith agus ó thaobh an chórais i gcoitinne, agus go bhfuil gá le roinnt feabhsuithe ina leith chun tuilleadh feabhais a chur ar éifeachtúlacht roinnt gnéithe sonracha; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go meastar go dtugann na nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh cinnteacht réasúnta gur úsáideadh na hacmhainní faoi fhreagracht an stiúrthóra feidhmiúcháin chun na gcríoch a beartaíodh dóibh agus i gcomhréir le prionsabail na bainistithe fónta airgeadais;

36. ag cur sonrú sa bharúil ón gCúirt a bhain le leasú praghsanna le haghaidh creatchonradh seirbhísí lónadóireachta agus bialainne nár cheadaigh ach an leasú a dhéanamh in 2021, agus gur mheas an Chúirt go raibh athbhreithniú praghsanna 2020 neamhrialta; ag tabhairt dá haire thairis sin, maidir le híocaíocht iniúchta amháin de EUR 125 954, nach raibh ar chumas na Gníomhaireachta na costais arna muirearú a réiteach leis na forálacha agus rátaí a leagadh amach sa chreatchonradh, rud atá ina shárú ar an Rialachán Airgeadais; ag tabhairt dá haire go dtugann an dá bharúil le fios go bhfuil laigí sa rialú inmheánach, ar cheart aghaidh a thabhairt orthu sa mheasúnú bliantúil ar an gcreat rialaithe inmheánaigh; á iarraidh ar an nGníomhaireacht na cinntí ón gCúirt a chur san áireamh ina measúnú bliantúil agus toradh an mheasúnaithe a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

An fhreagairt ar COVID-19 agus leanúnachas gnó

37. ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht, tar éis ráig COVID-19, a plean leanúnachais gnó agus a plean i leith bagairt ar an tsláinte phoiblí a agairt chun sláinte agus sábháilteacht foirne, toscairí agus conraitheoirí a chosaint, agus leanúint dá sainordú a bhaint amach ag an am céanna; ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht dlúthfhaireachán ar fhorbairtí maidir le gnéithe éagsúla de thionchar na paindéime agus gur lean sí an treoir a thug an Coimisiún, rialtas na hÍsiltíre, arb í an Ballstát óstach í, agus eagraíochtaí sláinte amhail ECDC agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, agus gur lean sí na cinntí a rinne siad;

38. ag tabhairt dá haire gur tharscaoil an Ghníomhaireacht táillí as comhairle eolaíoch a sholáthar do chuideachtaí cógaisíochta a raibh cóireálacha agus vacsaíní in aghaidh COVID-19 á bhforbairt acu, chun taighde maidir le víreas COVID-19 a éascú in 2020; ag tabhairt dá haire, mar sin féin, nach raibh tionchar ar a cuid meastachán ar ioncam le brath ag an nGníomhaireacht, ós rud é nach raibh na táillí a tarscaoileadh ina gcuid de na meastacháin bhuiséadacha tosaigh;

Barúlacha eile

39. ag tabhairt dá haire, maidir leis an obair leantach ar ráiteas dearbhaithe na bliana seo caite agus an mhír i ndáil le béim ar ábhar sa tuarascáil ón gCúirt in 2020, gur cúis imní é don Ghníomhaireacht an comhaontú léasa agus foléasa maidir lena seanáitreabh i Londain, ar comhaontú é a mhairfidh go dtí 2039; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur iarr bord bainistíochta na Gníomhaireachta ar an gCoimisiún obair a dhéanamh ar an tsaincheist sin ar an leibhéal polaitiúil ós rud é nár réitíodh an t-ábhar le linn na caibidlíochta a bhain le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil na gníomhaíochtaí atá nasctha leis an gcomhaontú léasa agus foléasa dian ó thaobh acmhainní de agus go bhfuil siad lasmuigh de fhreagrachtaí sláinte phoiblí na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go gcuireann luaineacht reatha na Ríochta Aontaithe agus an gheilleagair dhomhanda, mar thoradh ar, *inter alia*, phaindéim COVID-19, leis an bpráinn a bhaineann leis an ábhar a réiteach go tapa ionas go mbeidh an Ghníomhaireacht in ann a hacmhainní a thiomnú go hiomlán sa troid in aghaidh na géarchéime sláinte poiblí agus a cuid iarrachtaí a dhíriú ar a misean sláinte poiblí;

40. ag aithint an dul chun cinn atá bainte amach ag an nGníomhaireacht maidir le córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a fhorbairt lena gcumasaítear údarú éifeachtúil cógas leighis agus faireachán éifeachtúil orthu, chomh maith le dlí nua an Aontais a chur chun feidhme amhail Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]);

41. ag tabhairt dá haire, agus is oth léi é, gur fhulaing an Ghníomhaireacht cibirionsaí i mí na Nollag 2020; ag tabhairt dá haire gur thug na húdaráis forghníomhaithe dlí faoi imscrúdú coiriúil iomlán, i gcomhar le CERT-EU agus Europol, chomh maith le soláthróir seirbhíse tríú páirtí seachtrach a bhfuil saineolas sonrach aige maidir le freagairtí ar theagmhais slándála TF; ag tabhairt dá haire gur cuireadh feabhas ar chumais chibearshlándála chosantacha na Gníomhaireachta ó shin, agus go ndearnadh tuilleadh infheistíochta chun an Ghníomhaireacht a chosaint ar ionsaithe amach anseo; á chur in iúl gur díol sásaimh di na hiarrachtaí a rinne an Ghníomhaireacht agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht na rioscaí clú a chur san áireamh mar aon leis na héifeachtaí díchobhsaitheacha ar thuairimí an phobail nuair a bhaintear mí-úsáid as faisnéis a fhaightear mar thoradh ar ionsaí den sórt sin; á iarraidh ar an nGníomhaireacht a beartas cibearshlándála a neartú agus tuairisciú ar ais don údarás um urscaoileadh i ndáil leis sin;

42. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé digiteáil na Gníomhaireachta a mhéadú ó thaobh oibriú agus bainistiú inmheánach de, ach freisin a thábhachtaí atá sé dlús a chur le digiteáil na nósanna imeachta; á chur i bhfáth gur gá don Ghníomhaireacht leanúint de bheith réamhghníomhach ina leith sin chun bearna dhigiteach idir na gníomhaireachtaí a sheachaint ar ais nó ar éigean;

43. á chur in iúl gur díol sásaimh di go ndeachaigh an Ghníomhaireacht leis an tionscnamh a sheol EFSA chun acmhainneacht na hintleachta saorga a fhiosrú i réimsí éagsúla d'obair na nGníomhaireachtaí, amhail réamhaisnéisiú, tuairisciú uathoibrithe, próiseáil íomhánna, sláintiú inneachair, agus sainaithint saineolaithe; á iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint dá hiarrachtaí sa tionscnamh seo sna blianta atá le teacht agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht tuairisciú ar ais maidir lena taithí i dtaca le húsáid na hintleachta saorga ina cuid oibre;

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le trialacha cliniciúla ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/20/CE (IO L 158, 27.5.2014, lch. 1).

([5]) Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43).

44. ag tabhairt dá haire gur fhorbair an Ghníomhaireacht plean cumarsáide do 2020, agus gur chuir sí chun feidhme é, ar plean é a raibh sé mar aidhm leis clúdach a gníomhaíochtaí cumarsáide a leathnú, go háirithe a gníomhaíochtaí a bhain le staid phaindéim COVID-19, ar staid í nach bhfacthas riamh roimhe sin;

45. á chur in iúl gur díol sásaimh di na hiarrachtaí atá déanta ag an nGníomhaireacht chun straitéis chuimsitheach a chur i bhfeidhm le haghaidh forbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear céimeanna chun astaíochtaí CO_2 agus tomhaltas fuinnimh a laghdú agus chun a áirithiú go bhfuil an Ghníomhaireacht ina háit oibre chostéifeachtach agus neamhdhíobhálach don chomhshaol; ag spreagadh don Ghníomhaireacht a hiarrachtaí i leith na hinbhuanaitheachta a neartú tuilleadh; á iarraidh ar an nGníomhaireacht aon athrú i ndáil leis sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

46. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([6]) maidir le feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([6]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.